Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**12020/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0293 (NLE)**

**ENV 638**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 654 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an daicheadú cruinniú de Bhuanchoiste an Choinbhinsiúin maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa (Coinbhinsiún Bern) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 654 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 654 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.10.2020
COM(2020) 654 final

2020/0293 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an daicheadú cruinniú de Bhuanchoiste an Choinbhinsiúin maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa (Coinbhinsiún Bern)**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an daicheadú cruinniú de Bhuanchoiste an Choinbhinsiúin maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa, Strasbourg na Fraince, 1-4 Nollaig 2020, i ndáil leis an dá chinneadh atá beartaithe a ghlacadh ag an mBuanchoiste maidir le leasú an Choinbhinsiúin, agus comhaontú páirteach méadaithe a bhunú.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa (Coinbhinsiún Bern)

Is é is aidhm don Choinbhinsiún maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa ('an Coinbhinsiún') flóra agus fauna fiáine na hEorpa agus a ngnáthóga a chaomhnú, go háirithe iad siúd a dteastaíonn comhoibriú ó roinnt Stát chun iad a chaomhnú. Is conradh idir-rialtasach é, a tugadh i gcrích faoi choimirce Chomhairle na hEorpa. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 1 Meitheamh 1982.

Tá Aontas na hEorpa ina Pháirtí Conarthach sa Choinbhinsiún seo ó bhí 1 Meán Fómhair 1982 ann[1]. Faoi láthair, tá 51 Pháirtí Conarthach sa Choinbhinsiún, lena n-áirítear Ballstáit uile an Aontais.

### 2.2. An Buanchoiste

Is é an Buanchoiste comhlacht cinnteoireachta an Choinbhinsiúin. Is é atá freagrach as cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin a leanúint. Áirítear a cuid feidhmeanna in Airteagail 13 go 15 den Choinbhinsiún. Tagann sé le chéile gach dhá bhliain ar a laghad agus aon uair a iarrann tromlach na bPáirtithe sin. Is é is gnás don Bhuanchoiste anois go dtagann sé le chéile gach bliain.

I gcomhréir le hAirteagal 16 den Choinbhinsiún, glacfar leasú ar Airteagail 13 go 24 den Choinbhinsiún le tromlach trí cheathrú de vótaí Pháirtithe an Bhuanchoiste agus dá éis sin cuirfear an leasú sin faoi bhráid an Choiste Airí lena fhormheas.

I gcomhréir le hAirteagal 14 den Choinbhinsiún, d'fhéadfadh an Buanchoiste tograí a mholadh chun éifeachtacht an Choinbhinsiúin a fheabhsú. Dá bharr sin, d'fhéadfadh an Buanchoiste a chinneadh Comhaontú Páirteach Méadaithe a ghlacadh chun cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin a fheabhsú a mholadh don Choiste Airí. I gcomhréir le riail 8b de na Rialacha Nós Imeachta, glacfar cinneadh sin an Bhuanchoiste le tromlach dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh.

### 2.3. Gníomh atá beartaithe an Bhuanchoiste

An 1-4 Nollaig 2020, i Strasbourg na Fraince, ag an daicheadú cruinniú den Bhuanchoiste, táthar ag súil go nglacfaidh sé cinntí maidir leis na nithe seo a leanas:

- Leasú an Choinbhinsiúin chun clásail airgeadais a thabhairt isteach ('an chéad ghníomh atá beartaithe') agus

[1] Cinneadh 82/72/CEE ón gComhairle an 3 Nollaig 1981 i ndáil le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa thar ceann an Chomhphobail, IO L 38, 10.2.1982, lch. 1.

- Comhaontú Páirteach Méadaithe a bhunú maidir leis an gCiste chun an Coinbhinsiún maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa a chur chun feidhme ('an dara gníomh atá beartaithe').

Is é is cuspóir don chéad ghníomh atá beartaithe, an Coinbhinsiún a leasú chun sásra airgeadais a thabhairt isteach lena gcinnfeadh an Buanchoiste scála ranníocaíochtaí éigeantacha ó Pháirtithe chun gnáth-leithdháileadh buiséid Chomhairle na hEorpa a chomhlánú.

I gcomhréir le hAirteagal 16 den Choinbhinsiún, tiocfaidh an chéad ghníomh atá beartaithe i bhfeidhm le haghaidh gach Páirtí tar éis formheas a fháil ón gCoiste Airí agus dá éis sin ar an tríochadú lá tar éis do na Páirtithe Conarthacha uile fógra a thabhairt maidir lena ghlacadh.

Is é is cuspóir don dara gníomh atá beartaithe comhar idir-rialtasach a neartú chun Coinbhinsiún Bern a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí ranníocaíocht éigeantach a bhunú do na páirtithe sa Chomhaontú Páirteach Méadaithe.

I gcomhréir le hAirteagal 20.d de Reacht Chomhairle na hEorpa agus le hAirteagal 2den Treoir ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir le Nósanna Imeachta agus Modhanna Oibre, tar éis don Bhuanchoiste an cinneadh a ghlacadh, tiocfaidh an dara gníomh atá beartaithe i bhfeidhm i gcás gach Páirtí sa Chomhaontú Páirteach Méadaithe tar éis a ghlactha ag an gCoiste Airí le tromlach dhá thrian de na hIonadaithe a bhfuil vóta acu agus tromlach na nIonadaithe atá i dteideal suí ar an gCoiste Airí, agus dá éis sin tar éis tairseach na sínitheoirí a bheith bainte amach. Mura gcinnfidh an Coiste Airí a mhalairt, beidh an íostairseach ballraíochta socraithe ag trian de Bhallstáit Chomhairle na hEorpa, rud a chiallaíonn go mbeadh 16 thír inti faoi láthair.

## 3. AN SEASAMH A GHLACFAR THAR CEANN AN AONTAIS

I gcomhréir le Rún Uimh. 9(2019) den naoú cruinniú is tríocha den Bhuanchoiste, a glacadh an 6 Nollaig 2019, maidir le maoiniú Choinbhinsiún Bern maidir le bunú córas nua ranníocaíochtaí éigeantacha airgeadais ag Páirtithe a thionscnamh, bunaíodh meitheal idirsheisiúnach saineolaithe chun cuidiú leis an Rúnaíocht tograí a thíolacadh maidir le clásail airgeadais a chur san áireamh trí airteagail Choinbhinsiún Bern a leasú agus chun Comhaontú Páirteach Méadaithe a bhunú, lena mbreithniú ag an daicheadú cruinniú den Bhuanchoiste.

Tá gnáth-leithdháileadh ó Chomhairle na hEorpa ar Choinbhinsiún Bern tar éis laghdú de réir a chéile thar na blianta go dtí an pointe nach féidir feidhmeanna Choinbhinsiún Bern a áirithiú gan ranníocaíochtaí deonacha substaintiúla ó na páirtithe, ranníocaíochtaí atá ag dul i léig freisin. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach foinse iontaofa airgeadais a bhunú don Choinbhinsiún.

An togra chun an Coinbhinsiún a leasú chun go mbeidh sásra ann le haghaidh ranníocaíocht éigeantach a bhunú, tá sé ailínithe le forálacha an chuid is mó de na comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha agus dá bhrí sin ba cheart tacú leis i bprionsabal. Ina ainneoin sin, i gcomhthéacs comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha eile, is iondúil go ndéantar idirdhealú idir an buiséad lárnach agus an buiséad clárbhunaithe, gan ach an buiséad lárnach faoi réir ranníocaíochtaí éigeantacha. Leis an leasú atáthar a mholadh ar an gCoinbhinsiún, ní léir go leanfadh an sásra a bhunófar an fasach sin. Ná ní shonraítear leis an leasú atáthar a mholadh scála na ranníocaíochtaí a bheidh le cur i bhfeidhm. Níor cheart don Aontas tacú leis an leasú san fhormáid ina bhfuil sé faoi láthair, ach taobhú leis an vótáil ar an tsaincheist seo a chur ar athló chun tréimhse idirbheartaíochta a cheadú chun téacs an leasaithe atáthar a mholadh a bheachtú d'fhonn soiléireacht a áirithiú maidir leis na hábhair sin.

I bhfianaise an mhéid ama is gá chun an leasú atáthar a mholadh a chaibidliú agus a thabhairt i bhfeidhm, tá gá le réiteach níos láithrí freisin. Ba cheart don Aontas tacú leis an togra chun Comhaontú Páirteach Méadaithe a bhunú, chun ligean do na Páirtithe sin agus iad siúd nach comhaltaí iad ar mian leo, aontú don chomhaontú sin agus dá bhrí sin tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun bhfeidhme an Choinbhinsiúin.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe..*'

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil ina gceangal faoin dlí idirnáisiúnta, ach a '*d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[2].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Buanchoiste arna chur ar bun ag an gCoinbhinsiún.

Is gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu iad na gníomhartha a iarrtar ar an mBuanchoiste a ghlacadh. Beidh na gníomhartha beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún.

Ní dhéantar creat institiúideach an Choinbhinsiúin a fhorlíonadh ná a leasú de thoradh na ngníomhartha atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atáthar a mholadh.

### 4.2. Bunús substainteach dlí

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) de CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substainteach dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is leis an gcomhshaol a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe.

[2] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE bunús substainteach dlí nós imeachta an chinnidh atáthar a mholadh.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 192(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atáthar a mholadh.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go bhfuil gá le tuilleadh formheasa ón gCoiste Airí ar ghníomhartha beartaithe an Bhuanchoiste, níl sé iomchuí iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a nglactha.

2020/0293 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an daicheadú cruinniú de Bhuanchoiste an Choinbhinsiúin maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa (Coinbhinsiún Bern)**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Coinbhinsiún maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa ('an Coinbhinsiún') i gcrích le Cinneadh 82/72/CEE ón gComhairle[3] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 1982.

(2) De bhun Airteagal 16 den Choinbhinsiún, d'fhéadfadh an Buanchoiste leasuithe ar an gCoinbhinsiún a ghlacadh lena gcur faoi bhráid an Choiste Airí lena bhformheas.

(3) De bhun Airteagal 14 den Choinbhinsiún, a fhágann go bhfuil Buanchoiste na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Bern freagrach as cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin a leanúint, agus a d'fhéadfadh go háirithe aon mholadh a dhéanamh chun éifeachtacht an Choinbhinsiúin a fheabhsú, d'fhéadfadh an Buanchoiste a chinneadh Comhaontú Páirteach Méadaithe a ghlacadh a mholadh don Choiste Airí chun cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin a fheabhsú.

(4) Ag an daicheadú cruinniú den Bhuanchoiste an 1-4 Nollaig 2020, tá an Buanchoiste chun cinntí a ghlacadh maidir leis an gCoinbhinsiún a leasú chun clásail airgeadais a thabhairt isteach agus maidir le Comhaontú Páirteach Méadaithe a bhunú maidir leis an gCiste chun an Coinbhinsiún maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa a chur chun feidhme.

(5) Is iomchuí an seasamh a ghlacfar laistigh den Bhuanchoiste thar ceann an Aontais a leagan síos, ó tharla go mbeidh na cinntí a dhéanann sé ceangailteach ar an Aontas.

(6) Tá togra curtha i láthair ag an Rúnaíocht chun an Coinbhinsiún a leasú chun sásra airgeadais a thabhairt isteach lena gcinnfeadh an Buanchoiste an scála ranníocaíochtaí éigeantacha airgeadais ó Pháirtithe chun gnáth-leithdháileadh buiséid Chomhairle na hEorpa a chomhlánú.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 16 den Choinbhinsiún, tiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm i gcás gach Páirtí tar éis don Choiste Airí é a fhormheas agus ar an tríochadú lá dá éis sin tar éis do na Páirtithe fógra a thabhairt maidir lena ghlacadh.

(8) Tá an Rúnaíocht tar éis togra a chur i láthair freisin chun comhar idir-rialtasach a neartú chun Coinbhinsiún Bern a chur chun feidhme trí Chomhaontú Páirteach

[3] IO L 38, 10.2.1982, lch. 1.

Méadaithe a bhunú, comhaontú ina mbeadh ranníocaíocht éigeantach airgeadais do pháirtithe an Chomhaontaithe Pháirteach Mhéadaithe.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 20.d de Reacht Chomhairle na hEorpa agus le hAirteagal 2 den Treoir Choiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir le Nósanna Imeachta agus Modhanna Oibre, tar éis cinneadh a ghlac an Buanchoiste, tiocfaidh an Comhaontú Páirteach Méadaithe atáthar a mholadh i bhfeidhm i gcás gach Páirtí sa Chomhaontú Páirteach Méadaithe tar éis don Choiste Airí glacadh le tromlach dhá thrian de na hIonadaithe a bhfuil vóta acu agus tromlach na nIonadaithe atá i dteideal suí ar an gCoiste Airí, agus dá éis sin tar éis tairseach na sínitheoirí a bhaint amach.

(10) Tá géarghá ann foinse shlán iontaofa airgeadais a bhunú d'fheidhmiú Choinbhinsiún Bern, i bhfianaise laghdú an mhaoinithe a chuirtear ar fáil trí ghnáth-ranníocaíocht Chomhairle na Eorpa, chomh maith leis an laghdú ar ranníocaíochtaí deonacha na bPáirtithe.

(11) Le leasú ar an gCoinbhinsiún chun sásra airgeadais a thabhairt isteach, ailínítear é leis an gcaoi a mhaoinítear comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha eile agus áiritheofaí leis ranníocaíocht chothrom ó gach Páirtí sa Choinbhinsiún. Leis an téacs atáthar a mholadh le haghaidh leasú an Choinbhinsiúin fágtar éiginnteacht, áfach, maidir leis an sásra airgeadais a bhunófar, go háirithe maidir leis an idirdhealú idir buiséid lárnacha agus buiséid chlárbhunaithe, agus maidir leis an leibhéal ranníocaíochtaí a bheidh ag teastáil.

(12) Ní mór tacaíocht leasú ar an gCoinbhinsiún chun sásra airgeadais a thabhairt isteach a bheith i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 218, míreanna 2 go 4 den Chonradh.

(13) I bhfianaise an mhéid ama a theastaíonn chun leasú ar an gCoinbhinsiún a chaibidliú agus a chur i bhfeidhm, is léir go bhfuil gá le réiteach níos láithrí, gá a shásófaí tríd an gComhaontú Páirteach Méadaithe atáthar a mholadh.

(14) Ní conarthaí idirnáisiúnta *per se* iad Comhaontuithe Páirteacha Méadaithe, ach is cineál comhair iad laistigh de Chomhairle na hEorpa.

(15) I bhfianaise dualgais conarthacha le haghaidh comhair dílis, bheadh sé de cheangal ar na Ballstáit sin a théann i bpáirt sa Chomhaontú Páirteach Méadaithe a áirithiú go mbeadh cur i bhfeidhm an chomhaontaithe sin ag teacht le leasanna an Aontais i gcomhthéacs Choinbhinsiún Bern,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an daicheadú cruinniú de Bhuanchoiste an Choinbhinsiúin maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa mar seo a leanas:

- Rún a mholadh chun an vótáil ar an togra chun an Coinbhinsiún a leasú a chur ar athló go dtí an t-aonú cruinniú is daichead den Buanchoiste;
- Tacú leis an togra chun Comhaontú Páirteach Méadaithe a bhunú.

*Airteagal 2*

Tá an Cinneadh seo dírithe ar an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*